



Folúntas: Saineolaí Sinsearach ar Cháilíocht Eolaíochta Aonad: Oifig an Phríomheolaí Tagairt: (ECDC/AD/2016/OCS-SESO)

Iarrtar iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Cur síos ar an bpost

Tabharfaidh an sealbhóir poist tuairisc do Cheann an Rannáin um Chomhordú Comhairle Eolaíochta agus tacóidh sé/sí leis an bPríomheolaí agus an Rannán maidir le straitéis eolaíochta an Lárionaid a chur chun feidhme agus a chomhordú, go háirithe trí dhea-chleachtas eolaíochta a chur chun cinn agus trí neartú a dhéanamh ar cháilíocht fhoriomlán aschur agus sheirbhísí eolaíochta an Lárionaid, lena n-áirítear ábhar a sheoltar chuig irisleabhair eolaíochta lena fhoilsiú.

Beidh na cúraimí sonracha seo a leanas ar an sealbhóir poist:

- Caighdeáin a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus treoir maidir le dea-chleachtas eolaíochta agus dea-obair eolaíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear treoirphrionsabail maidir le húdaracht;
- Caighdeáin agus táscairí a fhorbairt agus a chur chun cinn le haghaidh measúnú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear aschur eolaíochta an ECDC, agus comhairle agus treoir straitéiseach a chur ar fáil chun cur tuilleadh le hábharthacht aschur eolaíochta an Lárionaid do ghairmithe sláinte poiblí agus don lucht déanta cinntí agus chun cur leis an tionchar a imríonn an t-aschur sin;
- Forbairtí eolaíochta agus modheolaíochta a athbhreithniú go leanúnach agus comhairle straitéiseach a chur ar fáil chun aschur eolaíochta an Lárionaid a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar na deiseanna a bhíonn ann oibriú i gcomhar le Gníomhaireachtaí agus Institiúidí ábhartha eile agus comhthionscnaimh a stiúradh de réir mar is cuí;
- Tacú leis an bPríomheolaí agus an Leas-Phríomheolaí maidir le haschur eolaíochta an Lárionaid a athbhreithniú agus a cheadú, go háirithe aschur a bhaineann le gnéithe modheolaíochta agus anailíseacha;
- Rannchuidiú le forbairt acmhainne agus gníomhaíochtaí a eagrú le haghaidh forbartha gairmiúla leanúnaí, e.g. forbairt ghairmiúil leanúnach i scríbhneoireacht eolaíochta;
- Rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí ginearálta um chomhordú comhairle eolaíochta a dtugann an rannán fúthu i.e. páirt a ghlacadh in uainchlár dualgais tacaíochta an Phríomheolaí; forbairt, leasú agus bainistiú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus

próisis inmheánacha maidir le tosaíochtaí a leagan síos le haghaidh comhairle eolaíochta; déileáil le hiarrataí ar an ECDC aschur ina bhfuil ábhar eolaíochta a chur ar fáil; bainistiú agus feabhsú a dhéanamh ar na huirlisí leictreonacha lena dtacaítear le haschur eolaíochta an Lárionaid a sholáthar; agus rannchuidiú le gníomhaíochtaí eile an Rannáin nuair is gá;

- Tacú le Ceann an Rannáin bainistiú a dhéanamh ar an Rannán, lena n-áirítear obair agus an buiséad a phleanáil agus a chur i ngníomh;
- Ionadaíocht a dhéanamh do Cheann an Rannáin de réir mar is gá;
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí eile a thagann faoina réimse inniúlachta de réir mar is gá.

Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith riachtanas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile agus atá teistithe le diplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile agus atá teistithe le diplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha aon bhliana ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad¹;
- Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad² (tar éis bhronnadh an diplóma);
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air/uirthi a chomhlíonadh³;
- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)earth iomlán mar shaoránach⁴;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

¹ Ní bhreithneofar ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit den AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údarás sna Ballstáit sin.

² Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

³ Chun bheith incháilithe d'ardú céime trí chleachtadh bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

⁴ Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

B. Critéir roghnúcháin

Tá *critéir riachtanacha* maidir le *taithí ghairmiúil* agus *tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta* sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- Céim ollscoile in eolaíochtaí míochaine nó bitheolaíochta;
- Taithí chruthaithe ghairmiúil 5 bliana ar a laghad sa réimse um eipidéimeolaíocht galar teagmhálach agus galair theagmhálacha a chosc agus a rialú;
- Eolas inléirithe agus taithí chruthaithe phraiticiúil ar staidéir dhifriúla agus modhanna anailíseacha difriúla a dhearadh, a dhéanamh agus a athbhreithniú sa réimse um eipidéimeolaíocht galar teagmhálach agus galair theagmhálacha a chosc agus a rialú, ag leibhéal a fhágann gur féidir leis/léi ceannaireacht agus tacaíocht ábhair agus straitéiseach a chur ar fáil;
- Scileanna cruthaithe i mbainistíocht clár straitéiseach agus tionscadal;
- Taithí chruthaithe ar fhaisnéis eolaíochta a chur in iúl d'údaráis, d'eolaithe agus do mhórlucht féachana/éisteachta, lena n-áirítear ábhar a bheith foilsithe aige/aici in irisleabhair phiar-athbhreithnithe eolaíochta;
- Sárthuiscint ar Bhéarla scríofa agus labhartha.

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Scileanna láidre idirphearsanta, sárscileanna idirbheartaíochta, agus cumas chun líonrú agus oibriú go maith i bhfoireann;
- Cumas chun oibriú faoi bhrú agus freagrachtaí éagsúla a bhainistiú go héifeachtach;
- Tuiscint ar dhifriochtaí cultúrtha, agus cumas chun oibriú i dtimpeallacht idirnáisiúnta;
- Claonadh i dtreo foghlama leanúnaí agus feabhais leanúnaigh, agus cumas chun topaicí nua a thuiscint go tapa;
- Ardtuiscint ar fhreagracht agus béim ar sheirbhís;
- Breithiúnas criticiúil agus sárscileanna anailíseacha;
- Cumas chun daoine eile a chumhachtú, a spreagadh agus a stiúradh.

Tá an taithí agus na scileanna atá *buntáisteach* don phost seo sainaitheanta againn freisin. Is iad sin:

- Dea-eolas ar bheartais agus gníomhaíochtaí AE, taighde san áireamh, agus dea-thuiscint ar an timpeallacht Eorpach agus geallsealbhóirí Eorpacha, lena n-áirítear gairmithe sláinte poiblí agus gairmithe cúram sláinte, an lucht léinn, agus sochaithe léannta sa réimse a thagann faoi shainchúram an Lárionaid;
- Eolas ar mhodhanna agus uirlisí a úsáidtear chun cinntí fianaisebhunaithe agus beartais fhianaisebhunaithe a dhéanamh i gcúram sláinte agus sláinte poiblí; taithí phraiticiúil ar threoir fhianaisebhunaithe sláinte poiblí a fhorbairt agus athbhreithnithe córasacha a dhéanamh ar an treoir sin;
- Taithí ghairmiúil i gcomhlacht sláinte poiblí AE nó comhlacht eile idirnáisiúnta nó náisiúnta sláinte poiblí.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

Ceapadh agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnóireachta don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnóireachta bunaithe. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá naire go bhféadfadh go bhfógrófaí an moladh go poiblí agus nach gá go ngabhann earcaíocht le háit ar an ngearrliosta. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próisis oscailte roghnúcháin.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach ar feadh tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin. Ceapfar an t-iarrthóir rathúil chuig grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go gceanglaítear le rialacháin foirne an AE go gcuirfidh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfadh go ndéanfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críocha earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta iarratais

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁵. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

Is féidir an fhoirm iarratais ón ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo:

<http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Pages/JobOpportunities.aspx>

⁵ Rinneadh an fógra iarratais seo a aistriú go gach ceann de 24 teanga oifigiúil AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an príomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr leis an ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.

Tá an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin seo agus tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas earcaíochta ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin tríd an nasc thuas a leanúint.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a gheofar, ní thabharfar fógra ach amháin d'iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.